

AN BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil
2013

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*An Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscíochta: An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) an 25 Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000

Is leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí cóipcheart na tuarascála seo de bhun alt 35(5) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Ní cheadaítear d'aon duine an tuarascáil seo ná aon chuid di a thairgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm ná ar aon mhodh gan cead chuige sin go sainráite ón mBord Imscrúdú Taismí Muirí.

Tá saorchead úsáid a bhaint as an tuarascáil seo chun críche oideachais.

Arna fhoilsiú ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí © 2014

# Clár an Ábhair

## Cuid 1


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| 2. | Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta | 5 |
| 3. | Réamhrá | 8 |
| 4. | Achoimre maidir le hEachtraí a tharla i rith na bliana 2013 | 9 |
| 5. | Achoimre maidir le Tuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana 2013 | 10 |
| 6. | Sampla de Thuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana 2013 | 15 |
| 7. | Comparáid maidir le Taismí Muirí 2004 - 2013 | 16 |
| 8. | Pátrúin maidir le Cásanna Báis 2004 - 2013 | 17 |


## Cuid 2


Ráitis Airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013 19


An English language version of this Report is available on the Board’s website, www.mcib.ie, or by request from the Secretary to the Board.

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Cliona Cassidy, B.L.,**
Cathaoirleach

A Aire a Chara,

De réir mar a éilítear faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, is mór an sásamh dom an 11ú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013 a chur faoi do bhráid.

### Forléargas ar an mbliain 2013

Tháinig laghdú ó 17 sa bhliain 2012 go dtí sé cinn de theagmhais sa bhliain 2013 ar líon na n-eachtraí agus laghdú ar líon na gcásanna a raibh gortú i gceist leo ó cheithre cinn sa bhliain 2012 go dtí náid sa bhliain 2013. Fuair seisear bás i rith na bliana agus ba dhona an bhliain arís í do thionscal na hiascaireachta lenar bhain 5 chás acu sin. Fuair aon duine amháin bás i mbun caitheamh aimsire

Cuireadh BITM ar bun dhá bhliain déag ó shin agus tá 183 tuarascáil foilsithe ó shin i leith. Bhí sé thuarascáil ar a raibh imscrúdú le déanamh i rith na bliana 2013 i ndáil le bás seisear. D’fhoilsigh an Bord 14 tuarascáil i rith na bliana 2013.

Is ábhar buartha go fóill go dteipeann ar dhaoine a bhfuil soitheach á oibriú acu cloí leis na rialacháin reatha agus leis na polasaithe sábháilteachta. Is mian leis an mBord béim faoi leith a leagan ar a thábhachtaí atá déanamh de réir na gcoinníollacha maidir le tréimhsí sosa, druileanna agus oiliúint i gcúrsaí sábháilteachta d’fhoirneoirí agus trealamh leordhóthaineach sábháilteachta a chur ar fáil agus a choinneáil i gcaoi mhaith. Ba mhór leis an mBord dá bhrí sin dá gcuirfí tionscnamh idir-rannach agus idir-ghníomhaíochtaí maidir le cúrsaí sábháilteachta do Thionscal na hIascaireachta in Éirinn ar siúl idir an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, ar a leagtar cúram maidir le tionscal na hiascaireachta, agus an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ar a leagtar cúram rialúcháin maidir le sábháilteacht ar muir agus bearta éigeandála ina leith sin.

Is mian leis an mbord béim a leagan arís eile ar a thábhachtaí atá gaireas snámhachta pearsanta (PFD) agus seaicéid tarrthála a chur ar fáil agus a úsáid mar ba chóir le linn beartaíocht de chineál ar bith ar an uisce.

Tugadh chun aire an Bhoird gur bhain roinnt de na tuarascálacha a foilsíodh i mbliana le heachtraí a tharla mar gheall ar theip maidir le gnáis nó trealamh loingseoireachta.

Ábhar eile nach mór aird a dhíriú air is ea an cheist maidir le forfheabhsú agus cothabháil soitheach. Tugtar faoi deara go raibh easpa seasmhachta nó cothromaíochta i gceist le roinnt de na heachtraí a tharla agus sin mar gheall nár coinníodh an soitheach i gcaoi mhaith nó go ndearnadh athrú míchuí ar an soitheach.

Is cúis imní don Bhord an claonadh atá ag teacht chun cinn an t-am go léir fón póca a úsáid mar phríomh-mhodh caidrimh leis na seirbhísí éigeandála, agus go mbíonn cuid mhór nach mbíonn malairt bealaigh seachas sin acu. Is modh caidrimh aon phointe amháin ceangail le duine áirithe an fón póca, rud nach ionann agus modhanna cumarsáide raidió eile. Bíonn cur isteach mór ag trioblóid le glao teileafóin ar fón póca, mar gheall ar chomhartha lag nó gan aird an té a nglaoitear air a bheith ar an fón póca an tráth áirithe sin, ar an achar ama go gcuirtear na seirbhísí éigeandála chun gnímh agus, dá bhrí sin, ar an dóigh go dtarlódh beart tarrthála a thabharfadh daoine ón ngábh. Le modhanna cumarsáide eile, raidió ardmhinicíochta san áireamh, cuirtear gach duine ar an airdeall mar gheall ar an gcruachás an t-aon tráth amháin agus is le húsáid i réimsí mara a ceapadh trealamh den chineál sin. Cuirtear soithigh eile i ngar don soitheach atá i gcruachás ar an eolas chomh maith leis na seirbhísí slándála. Bíonn buntábhacht ó thaobh ghníomh éifeachtúil ó na seirbhísí éigeandála le heolas maidir le hionad an tsoithigh agus cineál an chás práinne. D’áiteodh an Bord ar an Aire tabhairt faoi fheachtas oideachais trína leagtar béim ar an gcontúirt atá i gceist le fón póca a úsaid mar phríomh-mhodh fógartha, nó mar aon mhodh amháin cumarsáide, leis na seirbhísí éigeandála nó le daoine eile ar an talamh tirim, mar shampla daoine muinteartha.

Ba mhaith leis an mBord aird a dhíriú freisin ar a thábhachtaí atá mioneolas faoi na pleananna a bhaineann le beartaíocht ar an uisce a chur in iúl do dhaoine freagracha ar an talamh tirim. D’fhéadfadh eolas faoin áit a rabhthas ag déanamh uirthi agus faoin áit agus an tráth a dtiocfaí ar ais i dtír a bheith ina chabhair maidir le cinntiú go gcuirtear na seirbhísí éigeandála ar an eolas faoi chás inar tharla eachtra teagmhasach, fiú nuair nach féidir aon scéal a chur ón soitheach atá i ngábh.

I dTuarascálacha Bliantúla an Bhoird i ndáil leis na blianta 2011 agus 2012 cuireadh in iúl gurbh ábhar buartha líon na dteagmhas a raibh deoch mheisciúil i gceist leo agus áitíodh ar an Aire tús a chur le feachtas oideachais trína ndíreofaí aird ar an gcontúirt a bhaineann le deoch mheisciúil a ól agus dul amach ansin ar an uisce. Eisíodh Fógra Mara 56 sa bhliain 2011 chun a mheabhrú do dhaoine a thugann faoi bheartaíocht ar an uisce go ndéantar foráil faoin reachtaíocht

do chosc a chur ar dhaoine soithigh a oibriú agus iad faoi thionchar ó alcóil. Is mian leis an mBord aird a tharraingt ar an gceist sin arís eile i bhfianaise na dtuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana 2013. D'áiteodh an Bord ar an Aire tabhairt faoi fheachtas leanúnach d'fhonn lón oideachais agus eolais a thabhairt dóibh siúd uile mbíonn páirt acu i mbearta áinseasa agus do lucht thionscal na hiascaireachta.

### Bearta Imscrúdúcháin Seachtracha maidir le Taismí

Painéal an Bhoird d'imscrúdaitheoirí seachtracha a rinne na bearta imscrúdúcháin ar fad maidir le taismí. Daoine a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu, ina n-ailtirí muirí, innealtóirí muirí nó oifigigh léibhinn, atá ar an bpainéal agus tá réimse leathan cumais agus saineolais ar chúrsaí mara acu.

### Tuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana 2013

D'fhoilsigh an Bord 14 Tuarascáil Chríochnúil i rith na bliana 2012 a dtugtar sonraí iomlána ina leith ó leathanach 11 go dtí leathanach 14.

### Teagmhais na bliana 2013

Thionscain an Bord bearta imscrúdúcháin i ndáil le 6 cinn de theagmhais i rith na bliana 2013. Luaitear sonraí achoimre ina leith sa tábla thíos. Leagtar amach sonraí iomlána faoi na heachtraí go léir ar leathanach 9. Bhain ceann amháin de na heachtraí le hearnáil an chaitheamh aimsire agus 3 cinn le tionscal na hiascaireachta. Tharla aon eachtra amháin a bhain le soitheach paisinéirí agus ceann amháin i ndáil le soitheach lastais.

Ba mhaith leis an mBord comhbhrón a dhéanamh le gach duine ar mhéala dóibh na heachtraí seo.

| Earnáil | Teagmhais | Dul faoi | Bás | Gortú |
|---|---|---|---|---|
| Iascaireacht | 3 | NÁID | 5 | NÁID |
| Lastas ginearálta | 1 | NÁID | NÁID | NÁID |
| Caitheamh Aimsirel | 1 | NÁID | 1 | NÁID |
| Paisinéirí | 1 | NÁID | NÁID | NÁID |
| **Iomlán** | **6** | **NÁID** | **6** | **NÁID** |

### Báid Iascaigh

Tharla trí cinn de theagmhais i ndáil le soithigh iascaireachta agus ba chásanna báis gach ceann de na teagmhais sin.

- Tharla gortú ba shiocair báis dó d'fhoirneoir amháin mar gheall ar an trealamh tarraingte amach ón Seancheann an 14 Feabhra 2013.
- Maraíodh triúr iascairí agus iad i bhfeighil potaí gliomaigh i gCuan Thrá Mhór ar an 12 Meitheamh 2013. Thángthas ar an mbád ina raibh sí agus í iompaithe béal fúithi.
- Thit iascaire amháin i bhfarraige agus é i bhfeighil potaí gliomaigh in aice le Sailte Mór ar an 25 Samhain 2013. Sé mhí ina dhiaidh sin a thángthas ar a chorp.

### Báid Áineasa

Tharla aon teagmhas amháin i ndáil le báid áineasa ba shiocair le bás duine.

- Iompaíodh punta, ina raibh beirt ag iascach, ar a béal fúithi amach ó Cheann Bhaile an Bhrúnaigh, in aice Thrá Mór, ar an 10 Eanáir 2013. D'éirigh le duine acu snámh i dtír agus cúnamh a lorg.

### Longa Lastais

- Bhí long lastais le céibh nuair a d'imigh fáinne feistis den chéibh. Rinneadh dochar do bhád iascaigh nuair a theagmhaigh an long lastais léi.

### Báid Paisinéirí

- Thriomaigh Long Paisinéirí faoi bhratach na hÍsiltíre ar an talamh in aice le Cionn tSáile an 24 Iúil 2013.

Tugtar táblaí mionsonraithe faoi eachtraí a tharla i rith na mblianta ó 2004 go dtí 2013 ar leathanach 16 sa tuarascáil seo. Tugtar achoimre maidir leis na heachtraí ar fad a tharla i rith na mblianta sin sa tábla thíos.

| | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna Báis | 14 | 8 | 10 | 17 | 9 | 6 | 18 | 7 | 15 | 6 |
| Cásanna Gortaithe | 2 | Náid | Náid | 2 | Náid | Náid | 2 | Náid | 4 | Náid |
| Líon na nÁrthach | 17 | 11 | 12 | 20* | 10 | 6 | 18 | 12** | 18 | 6 |

* Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Geallta Dhún Laoghaire sa bhliain 2007 a raibh 115 soitheach beag, báidíní beaga dingí agus BRI san áireamh, i gceist leis

** Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh cuid mhór cadhaiceanna agus leanaí i gceist leis

### Cúrsaí Airgeadais

I rith na bliana airgeadais dár críoch an 31 Nollaig 2013, bhí barrachas oibriúcháin €9,745.00 i gceist don Bhord a d'fhág barrachas carnach cothrom le €3,103.00 i ndáil leis an tréimhse 2002-2013. Leagtar amach thíos, ó leathanach 19 amach, ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh iomlán déanta orthu.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Bhí forálacha agus coinníollacha uile na nAchtanna Eitice agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 á gcomhlíonadh i rith na bliana 2013 ag comhaltaí uile an Bhoird.

### Buíochas


Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chuid comhghleacaithe ar fad ar an mBord as an dúthracht leanúnach i rith na bliana 2013 arb é bun agus barr an rath atá ar an mBord é.

Fearaim fáilte roimh Brian Keane, ina Leas-Chathaoirleach dó, agus roimh Mhicheál Frain ina gcomhaltaí ar an mBord.

Tá obair lucht na Rúnaíochta le tréaslú leo chomh maith. Murach a gcuid scileanna agus a dtaithí ar chúrsaí na hoibre, ní thiocfadh leis an mBord feidhmiú. Ba mhaith liom, thar ceann an Bhoird, buíochas a ghlacadh leo as an dícheall agus an díograis i dtimpeallacht oibre dúshlánach ar bheagán acmhainní.


Níorbh fhéidir aon chuid den obair a dhéanamh murach an saothar a dhéanann an painéal d'imscrúdaitheoirí críochnúla atá againn agus ba mhaith liom buíochas a chur in iúl dóibhsean as an dua a chaith siad leis na Tuarascálacha a chur ar fáil i rith na bliana.

Is mian liom, mar fhocal scoir, ár mbuíochas don Aire agus dá chuid oifigeach, a chur in iúl mar gheall ar an gcúnamh a tugadh don Bhord i rith na bliana 2013.



CLIONA CASSIDY, B.L.,
CATHAOIRLEACH

# Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta



Cathaoirleach:
**Cliona Cassidy, B.L.,**



Leas-Chathaoirleach:
**Brian Keane**



Comhalta Boird:
**Micheál Frain**



Comhalta Boird:
**Brian Hogan, An Príomh-Shuirbhéir, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**



Comhalta Boird:
**Jurgen Whyte, An Príomh-Chigire Aerthionóisí, An tAonad Imscrúdú Aerthionóiscí, (AAIU), An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | Margaret Bell |
| Rúnaíocht: | Assumpta Dowd<br>Hugh Carney |
| Oifig Chláraithe: | Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2. |
| Teileafón: | 01 - 6783485 |
| Faics: | 01 - 6783493 |
| Ríomhphost: | info@mcib.ie |
| Láithreán Gréasáin: | www.mcib.ie |
| Iniúchóirí: | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Áras an Státchiste<br>Caisleán Bhaile<br>Átha Cliath Baile<br>Átha Cliath 2. |

Seo a leanas roinnt eolais ghinearálta maidir leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM).

## Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

## Feidhm an Bhoird

Is é feidhm atá le BITM imscrúdú a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainmhínítear sin in Alt 2 den Acht. Le linn don BITM na feidhmeanna a dhéanamh, comhlíontar forálacha Chód Imscrúdú Taismí Muirí na hEagraíochta Taismí Muirí Idirnáisiúnta agus Treoir 2009/18/CE an AE a rialaíonn imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair. Is le I.R. Uimh. 276 de 2011 a thugtar Treoir 2009/18/CE i bhfeidhm faoi dhlí na hÉireann.

**Ciallaíonn Taisme Mhuirí eachtra nó próiseas trína gcuirtear faoi deara nó trína mbagraítear:**

(a) bás nó tromghortú duine person;

(b) duine a chailleadh thar bord;

(c) caillteanas suntasach nó tráchur nó díobháil d'árthach nó do mhaoin, nó imbhualadh le hárthach nó le maoin; nó

(d) díobháil shuntasach don chomhshaol,

i ndáil le hoibriúchán:

(i) árthach in uiscí na hÉireann;

(ii) árthach atá cláraithe in Éirinn, in uiscí in áit ar bith; nó

(iii) árthach a bhíonn suite nó feistithe de ghnáth in uiscí na hÉireann agus atá faoi stiúir duine is cónaitheoir den Stát, in uiscí idirnáisiúnta atá tadhlach le huiscí na hÉireann.

**Is é an cuspóir atá le gach imscrúdú:**

1. Cúis nó cúiseanna taisme mhuirí a dhéanamh amach.
2. Tuairisc a thabhairt ar an taisme mhuirí d'fhonn moltaí a dhéanamh maidir le modhanna chun a macasamhail de thaisme mhuirí a sheachaint.

***Is den tábhacht go dtugtar chun aire NACH é a bhíonn de chuspóir le beart imscrúdúcháin locht ná milleán a leagan ar dhuine faoi leith. Ní dhéanann an Bord ionchúiseamh. Aon ionchúiseamh a tharlaíonn de bharr taisme is feidhm sin a bhaineann le Comhlachtaí Reachtúla, i.e. An Garda Síochána, etc***

## Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an BITM arna mhaoiniú ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Cuirtear cóip den tuarascáil chríochnúil maidir le gach beart imscrúdúcháin faoi bhráid an Aire d'fhonn na moltaí a dhéantar ann a bhreithniú. Cuirtear na tuarascálacha uile ar fáil don phobal (ar a n-iarraidh) saor ó tháille nó is féidir iad a fháil de láithreán gréasáin BITM ag www.mcib.ie.

# Bearta Imscrúdúcháin & Tuarascálacha

2013

MCIB

Marine Casualty Investigation Board

*An Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscíochta: 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013

# Réamhrá

Ó bunaíodh an Bord sa bhliain 2002 go dtí deireadh na bliana 2013, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord faoi aon chéad ochtó agus a trí cás.

Léirítear leis na staitisticí sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla soitheach a bhí i gceist agus na cúiseanna a bhí le gach teagmhas, agus tugtar léargas don léitheoir ar scóip agus ar chineál obair an Bhoird. Go dtí seo, coinnníodh na formáidí tuairiscíochta i bhfoirm sheasmhach ionas gur féidir comórtas a dhéanamh le teagmhais agus tuarascálacha na mblianta atá caite.

Foilsítear na tuarascálacha uile ar láithreán gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie, agus bíonn líon teoranta cóipeanna ar fáil i bhfoirm phriontáilte ach iarratas a sheoladh chuig an Rúnaíocht.

# Achoimre maidir le hEachtraí a tharla i rith na bliana 2013

## An 1 Eanáir to an 31 Nollaig 2013

Seo iad na heachtraí a tharla i rith na bliana 2013 a bhfuil an Bord i mbun imscrúdúcháin orthu.

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA AN TEAGMHAIS | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | CUNTAS ACHOIMRE | AN LÍON A FUAIR BÁS |
|---|---|---|---|---|---|
| **Bád gan ainm** | 10 Eanáir 2013 | Punta | Iompú Béal Fúithi | D'iompaigh bád ar a béal fúithi a raibh beirt amuigh ag iascach inti amach ó Cheann Bhaile an Bhrúnaigh in aice le Trá Mhór. Fuair duine amháin bás. | 1 |
| **FV Liberty** | 14 Feabhra 2013 | Soitheach Iascaigh | Eachtra Báis | Eachtra báis ar bord an FV Liberty, Cionn tSáile | 1 |
| **MFV Dean Leanne** | 12 Meitheamh 2013 | Soitheach Iascaigh | Eachtra Báis | Eachtra Báis amach ó Chuan Thrá Mhór | 3 |
| **STV Astrid** | 24 Iúil 2013 | Soitheach Seoltóireachta | Dul ar an talamh | Bád seoil faoi bhratach na hÍsiltíre a chuaigh ar an talamh amach ó Chionn tSáile | 0 |
| **HHL New York** | 2 Samhain 2013 | Long Lasta Ginearálta | Imbhualadh | Tharla damáiste don trálaer an "Ocean Dawn" nuair a d'imigh an rópa tosaigh den chéibh. Níor tharla poll ar umar breosla ná uisce a ligean isteach agus níor tharla aon truailliú | 0 |
| **MFV Lenora Jacinta** | 25 Samhain 2013 | Soitheach Iascaigh | Fear i bhfarraige | Eachtra báis amach ón Sailte Mór, Co. Loch Garman | 1 |

# Achoimre maidir le Tuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana 2013

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | CUNTAS ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **James Collins** | 12 Feabhra 2013 | Bád Iascaigh | | An 20 Aibreán 2012, nuair a bhíothas timpeall is cúig mhíle soir ó thuaidh ó Cheann Iorrais, ar an mbealach ar ais ó thuras iascaireachta, chuaigh cos Mháistir an bháid iascaigh i bhfastó san fhearsaid tiomána. Eitlíodh an fear gortaithe chun bealaigh chuig an ospidéal agus tá lúth na coise á fháil ar ais aige faoin tráth seo. | 1 G | Neamhaird ar bhunchúram sábháilteachta. Bhí an Captaein ródhírithe ar thrioblóid leis an gcaidéal ruma a réiteach agus ní dhearna sé de réir na mbun-nósanna sábháilteachta. Ní raibh cumhdach cosanta na fearsaide ag teacht mar ba chóir leis na rialacháin, rud a d'fhág gurbh fhurasta a theagmhódh duine léi ar bhealach contúirteach. |
| **BRI Cuan Chorcaí** | 15 Feabhra 2013 | BRI | Fear i bhFarraige | Thart ar 2100 an 9 Meitheamh 2012, d'fhág aon duine amháin Bun an Tábhairne in BRI ag déanamh ar Rinn an Scídigh mar a raibh ionad feistithe aige. Nuair a bhí timpeall is 10 nóiméad den bhealach déanta, chuaigh an fear i bhfarraige. Níor múchadh an t-inneall transaim agus tháinig an BRI timpeall gur bhuail arís agus arís eile faoin bhfear. Gortaíodh go dona an fear ar a cheann agus ar a mhuineál agus chaill sé an lámh chlé ón uillinn anuas. | 1 G | Ní raibh an téad múchta mar a bhi feistithe ar an BRI ag obair mar ba chóir. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | CUNTAS ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Pirate Queen** | 18 Feabhra 2013 | Bád Farantóireachta Paisinéirí | Triomú ar an talamh | Tráthnóna an 20 Nollaig 2011, chuaigh an bád farantóireachta paisinéirí ó oileán go hoileán, an "Pirate Queen" ar charraig ar an mbealach isteach go Cé Rú an Átha, Co. Mhaigh Eo. Cuireadh an soitheach ar snámh arís tamall dár gcionn agus cé nach raibh sí pollta, bhí damáiste mhór déanta di. Tugadh beirt phaisinéirí den bhád freisin an fhad is a bhí sí ar an gcarraig. Tugadh isteach ar an gcéibh iad i mbád righin inséidte. Tharla gortú do phaisinéir amháin. | 1 G | Ba é a bhí le tuiscint ón bhfiosrúchán tosaigh gurbh easnamh maidir le soilse treorach Ché Rú an Átha ba chionsiocair leis an soitheach dul ar an talamh. Ar bhreis fiosrúcháin a dhéanamh, ba léir easnamh tromchúiseach maidir le gnáis agus nósanna loingseoireachta ar shoithigh an chomhlachta. Is é ba chosúil go rabhthas ag brath an iomarca ar amharc na súl agus neamhaird á dhéanamh de chleachtadh ar dheiseanna leictreonaice ar an mbád agus de na deiseanna sin a thapú. |
| **Punta, Dún Dealgan** | 28 Márta 2013 | Punta | Iompú béal fúithi | Báitheadh aon fhear amháin nuair a d'iompaigh an punta ina raibh sé ar a béal fúithi i mbéal Chuan Dhún Dealgan agus é ag féachaint le dul isteach inti. | 1 B | Ní raibh seaicéad tarrthála á chaitheamh ag an bhfear agus bhí an bád ceangailte cóngarach do shruth tréan taoide ar réimse réileán láibe. |
| **Tit Bonhomme** | 8 Aibreán 2013 | Bád Iascaigh | Dul go tóin | D'fhág soitheach iascaigh faoi thiomáint innill, an ***"MFV Tit Bonhomme"*** a bhí cláraithe in Éirinn, Bréantrá, Cuan Dor, Co. Chorcaí, Dé hAoine an 13 Eanáir 2012 ag dul i mbun iascaigh le criú de sheisear ar bord. Tharla deacrachtaí teicniúla lena linn sin agus shocraigh an Captaein filleadh ar an gcaladh. Ar theacht ar ais go calafort Bhréantrá di luath ar maidin an 15 Eanáir 2012, thriomaigh an soitheach ar Adam's Island ar an mbealach isteach go caladh Chuan Dor. Briseadh an bád agus cailleadh cúigear den chriú. | 5 B | Ainneoin cuid mhór eile tosca sábháilteachta maidir leis an taisme seo, is í an toisc ba mhó ar fad léi easpa sosa ag an gcriú agus nach cosúil go rabh na rialacháin maidir le huaireanta oibre agus sosa á leanacht. I rith 40 uair a chloig ó fágadh Bréantrá go ndeachthas ar an talamh, is cosúil gur idi ceithre huaire agus cúig huaire a chloig codlata is mó a bhí ag aon duine den chriú. D'fhág sin tuirseach iad agus nach raibh socruithe faireachais ar bord an bháid mar ba chóir. Chuathas ar Adam's Island gur triomaíodh ansin nuair a bhí sé dorcha agus an aimsir go dona. Ar fón póca, seachas ar na raidiónna láimhe VHF chuig an gcúram sin, a tugadh fógra go rabhthas i gcruachás. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | CUNTAS ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceol na Farraige** | 7 Bealtaine 2013 | Bád Farantóireachta | Eachtra báis | Bhí dhá bhád farantóireachta, an "MV Ceol Na Farraige" agus an "MV Draíocht Na Farraige" feistithe le taobh a chéile ag leaba na mbád farantóireachta i gCill Rónáin, Inis Mór. Bhí innealtóir "MV Draiocht Na Farraige" ina sheasamh i dteach na stiúrach ar an "MV Ceol Na Farriage" ag comhaireamh na bpaisinéirí agus iad ag dul isteach ar "MV Draíocht Na Farraige". Chorraigh sé gur fearr an t-amharc a bheadh aige agus le linn sin a dhéanamh, thit sé anuas an staighre gur bhuail a cheann in aghaidh an dorais ag bun an staighre. Fuair sé bás san ospidéal ina dhiaidh sin. | 1 B | Scior an fear de thimpiste agus thit sé thar mhullach a chinn agus i ndiaidh a chinn roimhe síos an staighre. |
| **Lady Eileen** | 7 Meitheamh 2013 | Bád Iascaigh | Dul faoi | Chuaigh an "FV Lady Eileen" go grinneall amach ó Rinn na Spáinneach. Thángthas ar choirp an bheirt foirneoirí in aice le teach na stiúrach. | 2 B | Is é is dócha gur tharla oibriú gaoithe nó farraige, nó an dá rud, don "FV Lady Eileen". Thug sin gur tháinig uisce isteach thar thaobh an bháid agus gur cailleadh an barrachas snámhachta a bheadh ar fáil agus í luchtaithe, rud a d'fhág go ndeachaigh sí síos. |
| **Rinn Troisc** | 7 Meitheamh 2013 | Árthach Áineasa - báidín calaidh | Iompú Béal Fúithi | Tuairim is uair a chloig tar éis dóibh cur chun farraige ó Thrá na bPéarlaí, Co. Chorcaí, d'iompaigh an báidín calaidh ina raibh beirt fhear ar a béal fúithi agus cuireadh an bheirt i bhfarraige. Ainneoin a ndíchill, níor éirigh leo an bád a iompú ar ais. Tar eis uaireanta a chloig a chaitheamh ina suí ar chabhail an bháid, shocraigh an bheirt fhear snámh i dtír. D'éirigh le duine amháin an bealach a dhéanamh agus d'iarr sé cúnamh ach fuair an dara fear bás. | 1 B | Ní raibh dóthain málaí snámhachta sa bháidín calaidh seoltóireachta agus dá bhrí sin ní raibh dóthain snámhachta inti lena taoscadh tar éis iompú ar a béal fúithi. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | CUNTAS ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Curach, Cruach na Cara (Oileán Mhic Dara)** | 15 Iúil 2013 | Curach | | Fógraíodh imní faoi iascaire a bhí amuigh i bhfad níos faide ná mar a bhí súil leis in aice le Carna, Co. na Gaillimhe. Nuair a rinneadh cuardach aeir agus farraige mar gheall air sin, thángthas ar bhád an iascaire i ngar d'Árainn agus ar a chorp in aice le Cruach na Cara, Co. na Gaillimhe. | 1 B | Ní dhearna an t-iascaire de réir na rialachán maidir le seaicéad tarrthála/ gaireas snámhachta pearsanta ná de réir na reachtaíochta maidir le hól mheisciúil. |
| **Ceann Bhaile an Bhrúnaigh** | 15 Iúil 2013 | Punta | Iompú béal fúithi | Ar fhilleadh ó iascach a dhéanamh i gCaladh Rinnashark i gCuan Thrá Mór, tháinig maidhm isteach thar thaobh an bháid snáithínghloine 4.9m ag dul thar oitir ghainimh agus líon sí le huisce. Chuir an dara maidhm an báidín ar a béal fúithi agus caitheadh an bheirt a bhí inti i bhfarraige. Bhí an bheirt fhear ag coimhlint le fanacht ar bharr uisce ar feadh uair a chloig agus cúig nóiméad déag sular shocraigh siad snámh i dtír. D'éirigh le duine acu sin a dhéanamh agus cúnamh a iarraidh ach tógadh corp an dara duine as an uisce ina dhiaidh sin. | 1 B | Is furasta a bheadh bád oscailte gan deic i mbaol ó mhaidhm a thiocfadh isteach leataobhach agus a líonfadh an bád le huisce. Nuair a scrúdaíodh an soitheach ina dhiaidh sin, chonacthas go raibh an t-adhmad báite go maith in áiteanna agus gur dócha go raibh sé i bhfad níos troime ná mar a bhíodh ar dtús. Bhí an cuasán snámhachta i ndeireadh an bháid gearrtha chomh maith ionas go bhféadfaí umar breosla a stóráil, agus bhain sin chomh maith ón leibhéal snámhachta sa bhád. |
| **Gurteen Lass** | 11 Samhain 2013 | Curach adhmaid | | D'fhág fear Céibh Phort na Cille, Cliara chun seiceáil ar photaí gliomaigh. Nuair nár tháinig sé ar ais i dtír, eagraíodh cuardach. Chonacthas bád briste le cladach ar Oileán an Bhaitsiléara agus chonacthas corp duine san uisce ina dhiaidh sin. | 1 B | Ní fhaca aon duine an rud a tharla ach is é is léir gur bhuail an bád faoi na carraigeacha agus gur briseadh ina phíosaí í ina dhiaidh sin. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | CUNTAS ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Loch Deirgeirt** | 11 Samhain 2013 | Bád Innill Mear | | An 2 Lúnasa 2012, chonacthas bád ar a béal fúithi agus a ceann aníos ar bharr uisce in aice le Cuan Eochaille, Loch Deirgeirt. Bhuail an bád carraigeacha faoin uisce agus teannadh mór léi agus rinneadh damáiste mhór don taobh amuigh. Tugadh corp fir as an loch an lá dár gcionn. | 1 B | An tráth ar tharla an taisme, bhí an bád á thiomáint faoi theannadh mór gar do bhruach an locha. Ní raibh gaireas snámhachta pearsanta (PFD) á chaitheamh ag an bhfear agus níor seoladh aon chomharthaí géarchéime tar éis bualadh faoin gcarraig. |
| **Stena Europe & Oscar Wilde** | 12 Samhain 2013 | Long Paisinéir/ RoRo Lastais | Bualadh faoi chéile | Bhí an bád farantóireachta carranna agus paisinéirí an "Stena Europe" ag teacht le céibh i Leaba Uimh. 3 i Ros Láir nuair a bhuail sí faoi bhád farantóireachta carranna agus paisinéirí eile, an "Oscar Wilde" a bhí feistithe i Leaba Uimh. 2. Tharla damáiste bheag don dá shoitheach. | 0 | Bhí oiread teannadh sa ghaoth agus nach raibh d'acmhainn sna sáiteoirí tosaigh an soitheach a choinneáil agus, nuair nach raibh rópaí feistithe ar an gcéibh, thosaigh an soitheach ag imeacht ó Leaba Uimh. 3. |
| **Huelin Dispatch** | 10 Nollaig 2013 | Long Lastais | Thriomaigh ar an talamh | An 21 Meán Fómhair 2012, bhí an "Huelin Dispatch" ag déanamh an bhealaigh as St Peter Port i nGeansa go Calafort Alderney ar Oileán Alderney. Chuaigh an soitheach ar charraig mapáilte "Pierre au Vraic". Lig sí uisce isteach san urran sáite tosaigh agus polladh an t-umar i gceann an bháid. Cuireadh an soitheach ar snámh arís leis an taoide tuile agus chuaigh sí díreach go Falmouth an áit ba ghaire a bhfuil duga tirim deisiúcháin. Níor tharla gortú d'aon duine den chriú ná aon damáiste don lasta de réir tuairisce. | 0 | Tharla an teagmhas seo mar gheall ar earráid i mbun loingseoireachta. |

# Sampla de na Cásanna a Foilsíodh 2013

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013

Is mian leis an mBord aird faoi leith a dhíriú ar na trí cinn de thuarascálacha seo a leanas a foilsíodh i rith na bliana 2013. Is é tuairim an Bhoird gur fiú suntas a tharraingt ar thorthaí na gcásanna imscrúdúcháin seo.

## *T BONHOMME”*, IN AICE LE CUAN DOR, IN IARTHAR CHORCAÍ, AN 15 EANÁIR 2012



D’fhág soitheach iascaigh faoi thiomáint innill, an *“MFV Tit Bonhomme”* a bhí cláraithe in Éirinn, Bréantrá, Cuan Dor, Co. Chorcaí, Dé hAoine an 13 Eanáir 2012 ag dul i mbun iascaigh le criú de sheisear ar bord. Tharla deacrachtaí teicniúla lena linn sin agus shocraigh an Captaein filleadh ar an gcaladh. Ar theacht ar ais go calafort Bhréantrá di luath ar maidin an 15 Eanáir 2012, thriomaigh an soitheach ar Adam’s Island ar an mbealach isteach go caladh Chuan Dor. Briseadh an bád agus cailleadh cúigear den chriú.

## BUALADH AN “MV STENA EUROPE” FAOIN *“MV OSCAR WILDE”* I ROS LÁIR, AN 26 DEIREADH FÓMHAIR 2012



An 26 Deireadh Fómhair 2012, bhí an bád farantóireachta carranna agus paisinéirí *“MV Stena Europe”* ag teacht le céibh i Leaba Uimh. 3 i Ros Láir. Lena linn sin, d’éirigh meánluas na gaoithe go dtí 36 muirmhíle san uair le siotaí suas le 45 muirmhíle san uair agus chuaigh an soitheach ó smacht gur bhuail faoi bhád farantóireachta carranna agus paisinéirí eile, an *“MV Oscar Wilde”* a bhí ceangailte i Leaba Uimh. 2. Tharla damáiste bheag don dá shoitheach. Níor cailleadh seirbhís ar bith i gcás an *“MV Oscar Wilde”* agus cuireadh seoladh amháin de chuid an *“MV Stena Europe”* ar ceal. Níor tharla aon ghortú do dhuine ar bith mar gheall ar an eachtra.

## EACHTRA BÁIS GAR DO BHRUACH LOCH DEIRGEIRT IN AICE LE GARRAÍ UÍ CHINNÉIDE AN 2 LÚNASA 2012



Maidin an 2 Lúnasa 2012, cheannaigh úinéir an bháid innill seo breosla ar an Líne Nua, Cill Dalua. Tráthnóna, chonacthas an bád ar a bhéal faoi agus ceann an bháid aníos ar bharr uisce in aice le Cuan Eochaille, Loch Deirgeirt. Bhuail an bád faoi charraigeacha faoin uisce agus é ag imeacht go mear. Rinneadh damáiste mhór don taobh amuigh rud a scaoil uisce isteach. Tugadh an bád i dtír an tráthnóna céanna sin agus tugadh corp an úinéara as an loch an lá dár gcionn.

# Comparáid maidir le Taismí Muirí 2004 - 2013


| Cineál an Árthaigh | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa/Báid Paisinéirí** | | | | | | | | | | |
| Ro-Ro Idirnáisiúnta | | | | 1 B/ 1 G | 1 B | | | | | |
| Baile | | 2 B | | | | 1 B | | | 1 B | |
| Bád Paisinéirí | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **Náid** | **2 B** | **Náid** | **1 B/ 1 G** | **1 B** | **1 B** | **Náid** | **Náid** | **1 B** | **Náid** |
| **Longa Lastais** | | | | | | | | | | |
| Longa Lastais Ginearálta | | | | 1 B | | | | | | |
| Ro-Ro Lasta | | | | | | | | | | |
| Tancaer | | | | | | | | | | |
| Long Olliompair | 1 G | | | | | | | | | |
| Long Coimeádán | | | | | | | | | | |
| Long Iompair Carranna | | | | | | | | | | |
| Bád Oibre Píolóta/Báirse | | | | | | | | | | |
| Árthach Ardú Mórmheáchain | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **1 G** | **Náid** | **Náid** | **1 B** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** |
| **Báid Iascaigh** | | | | | | | | | | |
| < 15 metres | 1 B | 3 B | 5 B | 3 B | 2 B | | 2 B | 4 B | 4 B/ 1 G | 2 B |
| 15 - 24 metres | 4 B | | 2 B | 9 B | 1 B | | 1 B/ 1 G | | 5 B/ 1 G | 3 B |
| > 24 metres | 1 B | | | | 1 B | | | 1 B | | |
| **Fo-iomlán** | **6 B** | **3 B** | **7 B** | **12 B** | **4 B** | **Náid** | **3 B/ 1 G** | **5 B** | **9 B/ 2 G** | **5 B** |
| **Árthaigh Áineasa** | | | | | | | | | | |
| Árthaigh Scairdsciála | 1 G | | 1 B | 1 B | | | | | | |
| Báid Oscailte/Canúnna | 6 B | 1 B | 2 B | 2 B | 3 B | 4 B | 8 B | 1 B | 3 B | 1 B |
| Mótarbháid (Deiceáilte) | 2 B | | | 1 G | | | 5 B/ 1 G | | | |
| Báid Seoil | | 2 B | | | 1 B | 1 B | | | 1 B | |
| Árthach Innill Mear/BRI | | | | | | | 2 B | 1 B | 1 B/ 2 G | |
| **Fo Iomlán** | **8 B/1 G** | **3 B** | **3 B** | **3 B/ 1 G** | **4 B** | **5 B** | **15 B/ 1 G** | **2 B** | **5 B/ 2 G** | **1 B** |
| | | | | | | | | | | |
| **Iomlán na dTeagmhas** | **15** | **11** | **12** | **16** | **10** | **6** | **17** | **13** | **17** | **6** |
| **Líon Iomlán a Fuair Bás (B)** | **14** | **8** | **10** | **17** | **9** | **6** | **18** | **7** | **15** | **6** |
| **Líon Iomlán a Gortaíodh (G)** | **2** | **0** | **0** | **2** | **0** | **0** | **2** | **0** | **4** | **0** |
| **Líon Iomlán na nÁrthach a bhí i gceist** | **17** | **11** | **14** | **20*** | **10** | **6** | **18** | **12**** | **18** | **6** |

* Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Geallta Dhún Laoghaire sa bhliain 2007 a raibh 115 soitheach beag i gceist leis, báidíní beaga dingí agus BRI san áireamh


** Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh cuid mhór cadhaiceanna agus leanaí i gceist leis

# Pátrúin maidir le Cásanna Báis 2004 - 2013


## Passenger Ships/Boats





## Longa Lastais




## Báid Iascaigh




## Árthaigh Áineasa




Tá staitisticí iomlána ar fáil ar an láithreán gréasáin againn, www.mcib.ie.

# Ráitis Airgeadais

2013

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*An Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscíochta: 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2013

# Clár an Ábhair

| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird Imscrúdú Taismí Mara | 21 |
| Ráiteas faoin gCóras maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach | 22 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 23 |
| Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta | 25 |
| An Cuntas Ionaim & Caiteachais | 26 |
| An Clár Comhardaithe | 27 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2013 | 28 |

# Ráiteas faoi fhreagrachtaí an Bhoird

Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2013

## Freagrachtaí an Bhoird

Éilítear faoi Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 go gcoinníonn an Bord, i cibé foirm a cheadaíonn an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuntais chuí agus neamhghnáthacha ar an airgead uile a fhaigheann sé nó a chaitheann sé. Le linn don Bhord na ráitis airgeadais a ullmhú éilítear go ndéantar:

1. Polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta.
2. Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna.
3. A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le haon chaighdeáin cuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha uathu a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.
4. Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nár chuí a mheas go leanfaidh an Bord i mbun feidhme.

Tá de fhreagracht ar an mBord leabhair chuí chuntais a choimeád, lena nochtaítear go réasúnta cruinn tráth ar bith an riocht airgeadais ina bhfuil an Bord agus lena gcuirtear ar chumas an Bhoird cinntiú go sásaíonn na ráitis airgeadais Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chumhdach agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois nó mírialtacht eile a chosc agus a thabhairt chun aire.

Cliona Cassidy B.L..
Cathaoirleach
26 Samhain 2014

Margaret Bell
Rúnaí
26 Samhain 2014

# Ráiteas faoin gCóras maidir le Rialú Airgeadais

Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2013

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais

Admhaím thar ceann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí go bhfuil de fhreagracht orainn cinntiú go bhfuil córas éifeachtach ar bun don rialú airgeadais inmheánach agus é á chur i bhfeidhm.

Dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras don Rialú Airgeadais inmheánach go ndéantar sócmhainní a chumhdach, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is ceart, agus go ndéantar earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go dtabharfaí earráid faoi deara go tráthúil.

## Gnáis Rialaithe Príomhthábhachta

Seo a leanas na bearta maidir le rialú airgeadais a bhí i bhfeidhm i rith na bliana:

- Gach íocaíocht (cé is moite de thuarastail lucht foirne*) a údarú ag beirt ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird.
- Gach éileamh maidir le taisteal agus cothabháil a údarú ag comhalta eile den Bhord agus a dheimhniú ionas go bhféadfadh an Rúnaíocht íocaíocht a dhéanamh ina leith.
- Tá Cóid maidir le hIompar Gnó ar bun do chomhaltaí an Bhoird agus don lucht foirne.
- Cuireann an Rúnaí riocht airgeadais reatha an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí in iúl don bhord ag gach cruinniú Boird.

Athraíodh, le cinneadh Rialtais, an Roinn Rialtais a dtagann an Bord faoina coimirce ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maolú ó Alt 10 (Iniúchadh Inmheánach) den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit i mí Iúil 2011.

## Athbhreithniú Bliantúil maidir leis an Rialú

Deimhnítear go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais don rialú airgeadais inmheánach i ndáil leis an mbliain dár críoch an 31 Nollaig 2013.

## Arna shíniú thar ceann an Bhoird

Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
26 Samhain 2014

*Nóta: Triúr ball buan foirne atá ar iasacht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt atá i gceist le Rúnaíocht BITM.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Bord Imscrúdú Taismí Muirí

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Is é atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas faoi pholasaithe cuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe agus na nótaí a ghabhann leo. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm sin a leagtar síos faoi Alt 20 den Acht, agus i gcomhréir leis an ngnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leis in Éirinn

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú, as cinntiú go dtugtar léargas cruinn cothrom iontu ar riocht ghnóthaí an Bhoird agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é atá de fhreagracht ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuarascáil a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí infheidhme.

Déantar an t-iniúchadh faoi threoir na dtosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena riar agus lena n-oibriú.

Déantar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeáin Eitice d'Iniúchóirí atá leagtha síos ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta.

## Scóip na hIniúchóireachta ar na Ráitis Airgeadais

Is é a bhaineann le hiniúchadh fianaise a fháil, maidir leis na suimeanna agus nithe eile a nochtaítear sna ráitis airgeadais, atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid ba chúis lena leithéid. Tagann san áireamh leis sin

- measúnú cibé an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Bhoird agus cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh iad a chur i bhfeidhm go seasta agus a nochtadh go leordhóthanach
- measúnú ar a réasúnta agus atá na meastacháin shuntasacha cuntasaíochta a rinneadh le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, agus
- measúnú ar chur i láthair na ráiteas airgeadais tríd is tríd. Féachtar freisin agus an t-iniúchadh á dhéanamh le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léitear tuarascáil bhliantúil an Bhoird d'fhonn neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a thabhairt faoi deara. Sa chás go dtugtar faoi deara aon ní a cheapfaí a bheith ina mhíráiteas nó neamhréir ábhartha, déanaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil a thabhairt faoi mheas

## Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Tá mé den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais, arna n-ullmhú de réir an ghnáthchleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leis in Éirinn, léargas cruinn cóir ar an riocht ina raibh gnóthaí an Bhoird an 31 Nollaig 2013 agus ar an ioncam agus ar an gcaiteachas i leith na bliana 2013.

Tá mé den tuairim go raibh leabhair chuí chuntais á gcoimeád ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

## Cúrsaí a dtuairiscím le hEisceacht mar gheall orthu

Tugaim tuairisc trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a raibh gá agam leo don iniúchóireacht, nó
- gur tugadh faoi deara le linn na hiniúchóireachta teagmhas ábhartha ar bith nuair a tharla nach chun na críocha a bhí ceaptha lena aghaidh a cuireadh airgead in úsáid nó nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis an údarás rialála a tugadh ina leith, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais lena mbaineann, nó
- nach léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an mBord, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar seoladh an gnó poiblí. Níl aon ní le tuairisciú agam i ndáil leis na nithe ar le heisceacht a dhéantar an tuairiscíocht ina leith.

Patricia Sheehan
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Samhain 2014

# Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta

Don Bhliain dár Críoch an 31 Nollaig 2013

## 1. Ginearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Chuaigh an Bord i mbun feidhme den chéad uair an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmeálta é an 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsítear tuarascálacha ar na bearta imscrúdúcháin.

## 2. Bunús na Cuntasaíochta

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san foirm a cheadaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Déantar na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn fabhruithe cé is moite dá luaitear thíos agus i gcomhréir leis an ngnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh go forleathan leis. Glactar, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm, leis na Caighdeáin Tuairiscíochta Airgeadais, arna moladh ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

## 3. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Baineann na Ráitis Airgeadais leis an tréimhse 12 mí anuas go dtí an 31 Nollaig 2013.

## 4. Deontais Oireachtais

Is ionann an t-ioncam ó Dheontais Oireachtais agus na fáltais airgid iarbhír i rith na bliana ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus íocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i rith na bliana thar ceann fhoireann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí*.

## 5. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear Sócmhainní Seasta de réir an chostais. Déantar foráil do dhímheas ar bhonn an mhéid chothroim mar seo a leanas: Trealamh Oifige: 5 bhliana.

## 6. An Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil.

## 7. Aoisliúntas

Tagann lucht foirne Roinne* a bhíonn ar iasacht chun feidhmiú mar Rúnaíocht ag BITM faoi scáth shocruithe pinsin na Roinne lena mbaineann

* Nóta: Triúr ball buan foirne, ar iasacht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, atá sa Rúnaíocht ag BITM.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 2013

An bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | An Bhliain dár críoch 31 NOL 2013 | An Bhliain dár críoch 31 NOL 2012 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais (Vóta Uimh. 31) | | 237,028 | 141,322 |
| | | 237,028 | 141,322 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail Foirne | | 107,028 | 80,764 |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | 6 | 17,990 | 17,776 |
| Cló, Postas agus Stáiseanóireacht | | 20,669 | 22,114 |
| Fógraíocht | | 1,931 | 2,676 |
| Costais maidir le Bearta Imscrúdúcháin ar Thaismí | 4 | 60,180 | 44,070 |
| Taisteal agus Cothabháil – Comhaltaí an Bhoird | 7 | 2,176 | 3,521 |
| Taisteal agus Cothabháil – Eile | | 989 | - |
| Táillí lucht Dlí agus Gairme | | 6,720 | - |
| Cuntasaíocht | | 4,738 | 2,091 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 4,700 | 2,500 |
| Táillí Bainc | | 100 | 68 |
| Costais Ilghnéitheacha | | 62 | 2,183 |
| | | 227,283 | 177,763 |
| (Easnamh) / Barrachas don Bhliain | | 9,745 | (36,441) |
| Barrachas/(Easnamh) Carnach an 1 Eanáir | | (6,642) | 29,799 |
| Barrachas/(Easnamh) Carnach an 31 Nollaig | | 3,103 | (6,642) |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na nótaí ó 1 go dtí 13.

Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
26 Samhain 2014

Margaret Bell
Rúnaí
26 Samhain 2014

# An Clár Comhardaithe 2013

An bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 31 NOL 2013 € | 31 NOL 2012 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta**<br>Sócmhainní Inláimhsithe | 1 | - | - |
| Sócmhainní Reatha<br>Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 2 | 32,306 | 15,838 |
| | | 32,306 | 15,838 |
| **Creidiúnaithe** – suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 3 | (29,203) | (22,480) |
| **Sócmhainní/(Dliteanais) Reatha Glan** | | 3,103 | (6,642) |
| **Iomlán Sócmhainníí lúide Dliteanais Reatha** | | 3,103 | (6,642) |
| **Caipiteal agus Cúlchiste**<br>Cuntas Caipitil | | - | - |
| Ioncam & Caiteachas: Barrachas/(Easnamh) | | 3,103 | (6,642) |
| | | 3,103 | (6,642) |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na nótaí ó 1 go dtí 13.

Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach
26 Samhain 2014

Margaret Bell
Rúnaí
26 Samhain 2014

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

An bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2013

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Nóta 1. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe – Trealamh Oifige** | € | € |
| Costas | | |
| Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir | - | 3,884 |
| Breis | - | - |
| Diúscairt | - | (3,884) |
| Iarmhéid Deiridh ag ceann na tréimhse | - | - |
| **Depreciation** | | |
| Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir | - | 3,884 |
| Diúscairt | - | (3,884) |
| Muirear don Tréimhse | - | - |
| Iarmhéid Deiridh ag ceann na tréimhse | - | - |
| **Glanluach Leabhair** | | |
| Ag ceann na tréimhse | - | - |
| **Nóta 2. Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh** | | |
| Cuntas Reatha | 32,306 | 15,838 |
| **Nóta 3. Creidiúnaithe - Suimeanna atá dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin** | | |
| Costais Fabhraithe | (29,203) | (22,480) |

### Nóta 4. Costais Imscrúdúcháin maidir le Taismí

Tugadh próiseas tairiscintí chun críche i rith na bliana 2010 chun painéal imscrúdaitheoirí a chur le chéile – tá scála táillí aontaithe maidir le gach beart imscrúdúcháin a thabhairt chun críche. Anuas go dtí an bhliain 2010, ní íoctaí táillí ar bith i ndáil le himscrúdú ar thaismí muirí a rinne Oifig Suirbhéireachta Muirí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2013, thug an Bord 14 beart imscrúdúcháin chun críche agus foilsíodh tuarascáil maidir le gach beart imscrúdúcháin díobh sin.

Ar an 31 Nollaig 2013, bhí 9 mbeart imscrúdúcháin ar siúl nach raibh tugtha chun críche go fóill. Is é costas ionchais maidir leis an obair sin €46,700.

### Nóta 5. Fostaithe agus Cúrsaí Aoisliúntais

Tá Rúnaíocht bhuan lena mbaineann triúr lucht foirne á chur ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aisíocadh costais foirne leis an Roinn as leithroinnt deontais an Bhoird. Bhí triúr fostaithe ag an mBord ag deireadh na bliana 2013 agus triúr fostaithe ag deireadh na bliana 2012.

### Nóta 6. Táillí Chomhaltaí an Bhoird

| Ainm an Chomhalta | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| John G. O'Donnell | 1,208 | 7,618 |
| Thomas R. Power | 2,815 | 5,079 |
| Cliona Cassidy | 7,618 | - |
| Brian Keane | 4,656 | - |
| Michael Frain | 1,693 | - |
| Sinéad Brett | - | 5,079 |
| **Iomlán na dTáillí** | **17,990** | **17,776** |

### Nóta 7. Costais Taistil Chomhaltaí an Bhoird

Íocadh costais taistil €2,176 in iomláine le comhaltaí de chuid an Bhoird i rith na bliana 2013 i ndáil le freastal ar Chruinnithe Boird i rith na bliana 2013; fuair Brian Keane €1,258 agus fuair Michael Frain €918. De réir Rátaí Taistil na Státseirbhíse a íocadh na costais uile.

### Nóta 8. Costais Oibriúcháin

Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cóiríocht oifige, an úsáid as sócmhainní seasta san áireamh, ar fáil saor ó tháille don Bhord, in áitribh na Roinne i Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2.

Cuireann an Bord ciste ar fáil do chostais oibriúcháin an Bhoird ach amháin i gcás na seirbhísí seo a leanas a chuirenn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar fáil saor in aisce:

- Teileafón & Faics
- Stáiseanóireacht
- Glantachán
- Costais eile oifige, soilse agus teas san áireamh.

### Nóta 9. Cánachas

I gcomhréir le Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 níor íocadh aon cháin agus ní éilítear soláthar a dhéanamh do chánachas sna ráitis airgeadais.

### Nóta 10. Comhaltaí an Bhoird: Nochtadh Leasa

Tá nós imeachta glactha chucu féin ag comhaltaí an Bhoird i gcomhréir le hailt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

### Nóta 11. Cruinnithe Boird

Bíonn cruinnithe ag an mBord ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí oibriúcháin. Seo a leanas líon na gcruinnithe a d'fhreastail gach duine de Chomhaltaí an Bhoird i rith na bliana 2013:

| | |
|---|---|
| Cliona Cassidy | 8 |
| Tom Power | 5 |
| Brian Keane | 7 |
| Michael Frain | 3 |
| Brian Hogan | 9 |
| Jurgen Whyte | 8 |

### Nóta 12. Gnóthas Leantach

Tá an eagraíocht ag brath ar chúnamh airgid leanúnach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus táthar den tuairim go leanfar den chúnamh sin a fháil ar feadh na tréimhse a fheictear romhainn. Meastar dá bhrí sin gur iomchuí leanacht de na cuntais a ullmhú ar Bhonn Gnóthais Leantaigh.

### Nóta 13. Aontú na Ráiteas Airgeadais

D'aontaigh an Bord na Ráitis Airgeadais an 26 Samhain 2014.

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*An Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Leeson Lane, Dublin 2. Telephone: 01-678 3485. Fax: 01-678 3493. www.mcib.ie